2024/2039

30.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2039 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2024

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 trí bhreiseáin bheathaithe a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann leis

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 230/2013 ón gCoimisiún ([2]) ceanglaíodh dearbh-lus na gréine, ola lus na gréine agus tintiúr lus na gréine ó *Helianthus annuus* L. a tharraingt siar ón margadh le haghaidh gach speicis ainmhíoch.

(2) Mar sin féin, áiríodh dearbh-lus na gréine, ola lus na gréine agus tintiúr lus na gréine ó *Helianthus annuus* L. go hearráideach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 ón gCoimisiún ([3]), lenar ceanglaíodh freisin na breiseáin sin a tharraingt siar ón margadh le haghaidh gach speicis ainmhíoch.

(3) D'fhéadfadh sé gur cuireadh mearbhall ar oibreoirí gnólachtaí beatha mar gheall ar na breiseáin sin a bheith ann san Iarscríbhinn sin a mhéid a bhaineann le stádas rialála iarbhír na mbreiseán beathaithe lena mbaineann, rud a chruthódh éiginnteacht dhlíthiúil maidir lena láithreacht údaraithe ar an margadh roimh theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173.

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 a cheartú dá bhrí sin tríd an iontráil a bhaineann leis na breiseáin sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a scriosadh. Chun aon suaitheadh sa mhargadh de thoradh an iontráil earráideach a bheith ann sa Rialachán sin a chosc agus chun deimhneacht dhlíthiúil a athbhunú, ba cheart an ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 230/2013 ón gCoimisiún an 14 Márta 2013 maidir le breiseáin bheathaithe áirithe a bhaineann leis an ngrúpa blastán agus substaintí blasta a tharraingt siar ón margadh (IO L 80, 21.3.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/230/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2023 breiseáin bheathaithe áirithe a tharraingt siar ón margadh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1453/2004, Rialachán (CE) Uimh. 2148/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 943/2005 (IO L 155, 16.6.2023, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1173/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 ón gCoimisiún

I gCuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173, scriostar an iontráil a bhaineann le '*Helianthus annuus* L.: Dearbh-lus na gréine/Ola lus na gréine/Tintiúr lus na gréine'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN